An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Ceisteanna Coitianta ar an gClár Samhraidh d'Iar-Bhunscoileanna DEIS

Céard é Athcheangal le Scoileanna: An Clár Samhraidh d'Iar-Bhunscoileanna DEIS?

Aithnítear go bhfuil a seacht ndícheall agus a lán oibre déanta ag múinteoirí agus príomhoidí chun a gcur chuige teagaisc a chur in oiriúint agus chun an t-aistriú chun na cianfhoghlama a éascú. D'ainneoin obair shuntasach a bheith déanta ag leibhéal na scoile chun gach dalta a spreagadh chun foghlama, ní gach dalta a bhí rannpháirteach. Ag a lán daltaí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, is dúshlán ar leith í an chianfhoghlaim óir is teoranta an deis atá ag go leor de na daltaí seo agus a dteaghlaigh a bheith rannpháirteach san fhoghlaim i dtimpeallacht chianteagaisc.

Aithnítear go forleathan gurb iad na daltaí seo is mó atá i mbaol tarraingt siar ó thimpeallacht chianfhoghlama i gcomparáid lena bpiaraí agus is baolach nach n-éireoidh leo dul ar aghaidh go dtí rang níos sinsearaí nó a bheith rannpháirteach athuair leis an scoil. Meastar, mar sin de, gur cuí clár a chur ar fáil in iar-bhunscoileanna DEIS, do na daltaí sin a meastar iad a bheith i mbaol suntasach tarraingt siar nó imeacht ar fad ón gcóras scolaíochta.

Tríd an gClár Samhraidh a chur ar fáil féadann scoileanna tacú leis na daltaí sin athcheangal leis an scoil agus leanúint den oideachas. Tá an bhéim sa chlár seo ar thacú leis na daltaí sin athpháirt a ghlacadh san oideachas, ar a muinín a chothú, cur

lena dtiomantas agus, mar sin de, daltaí a ullmhú chun ath-chomhtháthú leis an gcóras scolaíochta i Meán Fómhair.

Cá bhfaighidh mé mionsonraí ar cad ba chóir a bheith sa chlár?

Cé go bhfuil scoileanna saor chun a shocrú conas is fearr a fhéadann siad an clár seo a eagrú le freastal ar riachtanais a gcohórt daltaí, tá treoir forbartha ag an gCigireacht dar teideal Athcheangal leis an Scoil: Treoir ar Chlár Samhraidh d'iar-bhunscoileanna atá ag glacadh páirte i gclár DEIS, atá ar fáil ag https://www.education.ie/ga/Tuismitheoirí/Seirbhísí/clar-oideachais-samhraidh-2020/ag-athcheangal-leis-an-scoil.pdf

An mbeidh treoirlínte sláinte poiblí ar fáil do scoileanna roimh eagrú an chláir seo?

Beidh. Eiseoidh an Roinn treoirlínte chun cabhrú le scoileanna athoscailt agus leis seo tabharfar treoir do na scoileanna atá ag gabháil do chlár samhraidh.

Cad é an próiseas iarratais do scoileanna?

Ba chóir foirm léiriú spéise a chomhlánú agus a chur ar ais tráth nach déanaí ná Aoine 26ú Meitheamh. Faomhfar gach iarratas agus tá an fhoirm ar fáil anseo

https://checkbox.education.gov.ie/checkbox/Clar-odeachais-samhraidh-IarBhunscoileanna-DEIS.aspx

Mar Iar-bhunscoil DEIS, an gcaithfidh mé an clár seo a eagrú?

Ní chaithfidh, is clár iomlán deonach é. Aithnítear go bhfuil obair shuntasach déanta ag scoileanna agus múinteoirí cheana féin agus iad ag plé leis na dúshláin a bhaineann le dúnadh scoileanna agus an chianfhoghlaim. Mar sin féin, iarrann an Roinn ar scoileanna an deis seo a thapú agus tabharfar gach tacaíocht agus comhairle chuí.

Cé na critéir ba chóir a úsáid chun daltaí a roghnú don chlár seo?

Tuigeann scoileanna comhthéacs agus cúinsí a ndaltaí féin agus is iad is fearr chun a shocrú cé acu daltaí is mó a bhainfeadh tairbhe as freastal ar an gclár. I gcomhthéacs phlean DEIS scoile, tá liosta de na daltaí sin is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais sainaitheanta ag an scoil cheana. Ba chóir do scoileanna na sonraí atá ar fáil a athbhreithniú maidir leis an leibhéal rannpháirtíochta a bhí ag na ndaltaí sin ó dúnadh an scoil agus iad sin is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais nó an scoil a fhágáil go luath a shainaithint. Ba chóir smaoineamh fosta ar dhaltaí eile atá ag tarraingt siar a chuimsiú sa chlár samhraidh.

Cé chomh fada a mhairfidh an clár agus cén uair?

Mairfidh an clár seachtain agus is féidir é a thairiscint i mí lúil nó Lúnasa. Cé go meastar gurb é an t-am is fearr an clár samhraidh a chur ar fáil chomh gar agus is féidir d'athoscailt oifigiúil na scoileanna, braitheann sé seo go hiomlán ar an scoil.

Cé chomh fada ba chóir don lá scoile maireachtáil?

Ba chóir go mbeadh an t-am a dháilfear bunaithe ar chlár ama reatha na scoile ó thaobh thús agus dheireadh an lae de. Ba chóir do mhúinteoirí am a úsáid ag tús agus deireadh an lae le dul i mbun pleanála agus athbhreithnithe. Ba chóir do dhaltaí tosú tráth nach déanaí ná 10.00 am agus críochnú tráth nach luaithe ná 3.00 pm.

Cén maoiniú a chuirfear ar fáil chun an clár a eagrú?

Tá na mionsonraí ar fad maidir le maoiniú agus líon foirne ar fáil ag https://www.education.ie/ga/Tuismitheoirí/Seirbhísí/clar-oideachais-samhraidh-2020/tearmai-agus-coinniollacha-iar-bhunscoileanna-deis.pdf

An gcuirfear oiliúint ar fáil do mhúinteoirí a bheidh ag eagrú campaí samhraidh?

Beidh ar gach múinteoir ar na cláir freastal ar sheimineár gréasáin oiliúna/faisnéise dhá sheisiún. Mairfidh gach seisiún 1 uair agus 30 nóim ar a fhad. SNSO a d'fhorbair an chéad seisiún agus tá an fócas ar an tionchar a bhí ag Covid-19 ar fholláine múinteoirí agus daltaí agus athcheangal leis an scoil agus cúrsaí mar atá. Cumhdófar sa dara seisiún prionsabail an chláir samhraidh, tabharfar comhairle ar an gcur chuige agus is iad na seirbhísí bainteacha tacaíochta a chuirfidh ar fáil.

Taifeadfar na seimineáir ghréasáin agus cuirfear ar fáil iad lena n-úsáid amach anseo agus tá sé beartaithe an oiliúint seo a chur ar fáil a luaithe is féidir.

An ionann é seo agus an campa samhraidh Clár Críochnaithe Scoile?

Ní hionann an clár seo agus na cláir shamhraidh a eagraítear faoin gClár Críochnaithe Scoile. Is tionscnamh ar leith é mar fhreagairt do dhúnadh scoileanna ó Mhárta 2020 mar gheall ar shrianta Covid-19.

Is é cuspóir an chláir seo cur leis, seachas teacht in ionad, an gClár Críochnaithe Scoile ar clár spriocdhírithe é arna mhaoiniú ag Tusla faoi choimirce na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige agus arna fheidhmiú ag Coistí Áitiúla Bainistíochta.

Tá an fhaisnéis ábhartha ar fad ar an gclár seo le fáil i dtreoirdhoiciméad

https://www.education.ie/ga/Tuismitheoirí/Seirbhísí/clar-oideachais-samhraidh-2020/ag-athcheangal-leis-an-scoil.pdf

agus in

https://www.education.ie/ga/Tuismitheoirí/Seirbhísí/clar-oideachais-samhraidh-2020/tearmai-agus-coinniollacha-iar-bhunscoileanna-deis.pdf